



---

*Uimhir 4 de 2015*

---

## **AN tACHT SLÁINTE POIBLÍ (PACÁISTIÚ CAIGHDEÁNAITHE TOBAC), 2015**

*[An tionú oifigiúil]*

---

### **CLÁR AN ÁBHAIR**

#### **CUID 1**

##### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Orduithe agus rialacháin
4. Caiteachais
5. Srian leis an Acht
6. Forálacha idirthréimhseacha

#### **CUID 2**

##### **PACÁISTIÚ MIONDÍOLA AGUS TÍOLACADH TÁIRGÍ TOBAC**

7. Pacáistiú miondíola toitíní
8. Dealramh toitíní
9. Pacáistiú miondíola tobac lena rolladh
10. Pacáistiú miondíola táirgí tobac eile
11. Líneálacha táirgí tobac
12. Torthaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin
13. Tíolacadh táirgí tobac
14. Sainghnéithe de phacáistiú miondíola táirgí tobac

CUID 3

CIONTA, IMEACHTAÍ AGUS PIONÓIS

15. Cionta i ndáil le pacáistiú miondíola
16. Pionóis
17. Cionta ag comhlachtaí corpraithe
18. Imeachtaí
19. Fianaise in imeachtaí i leith ciona

CUID 4

ÍLGHNÉITHEACH

20. Leasú ar alt 2 d'Acht 2002
21. Leasú ar alt 5A d'Acht 2002
22. Leasú ar alt 37 d'Acht 2002
23. Leasú ar alt 48 d'Acht 2002

[2015.] *An tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac)*, 2015. [Uimh. 4.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Airgeadais, 2005 (Uimh. 5)

An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2009 (Uimh. 23)

An tAcht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 (Uimh. 6)

Na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 go 2013

Acht na dTrádmharcanna, 1996 (Uimh. 6)





---

*Uimhir 4 de 2015*

---

## **AN tACHT SLÁINTE POIBLÍ (PACÁISTIÚ CAIGHDEÁNAITHE TOBAC), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do dhéanamh socrú maidir le pacáistiú caighdeánaithe tobac agus táirgí tobac; do thabhairt éifeacht pháirteach do Threoir Uimh. 2014/40/AE an 3 Aibreán 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup> maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le tobac agus táirgí gaolmhara a mhonarú, a thíolacadh agus a dhíol agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[10 Márta 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### **CUID 1**

#### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

#### **Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar an tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac), 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 go 2013 agus den Acht seo.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

#### **Léiriú**

**2. (1)** San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002;

ciallaíonn “mír ghreamaithe” aon rud atá greamaithe de phacáistiú miondíola táirge tobac, nó atá ceangailte leis ar shlí eile, seachas stampa cánach nó líneáil paicéid aonaid táirge tobac;

<sup>1</sup>IO Uimh. L127, 29.4.2014, lch.1

ciallaíonn “paicéad toitíní” paicéad aonaid toitíní;

ciallaíonn “Treoir” Treoir Uimh. 2014/40/AE an 3 Aibreán 2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le tobac agus táirgí gaolmhara a mhonarú, a thíolacadh agus a dhíol agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE;

ciallaíonn “scagbharr”, i ndáil le toitín, an chuid ag ceann an toitín a ghníomhaíonn mar scagaire nó a airbheartaíonn gníomhú mar scagaire;

ciallaíonn “mír arna cur isteach” aon mhír arna cur isteach i bpacáistiú miondíola táirge tobac, seachas táirge tobac nó líneáil paicéid aonaid táirge tobac;

folaíonn “marc” aon líne, litir, uimhir, siombail, grafaic nó íomhá, seachas trádmharc;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 3*;

ciallaíonn “pacáistiú miondíola”, i ndáil le táirge tobac, forphacáistiú an táirge tobac, aon líneáil atá ann agus aon fhillteán a chlúdaíonn an forphacáistiú sin;

ciallaíonn “díol”, i ndáil le táirgí tobac, mórdhíol nó miondíol agus folaíonn sé—

- (a) tairiscint nó cur ar taispeánt le haghaidh díol,
- (b) a iarraidh go ndéanfaidh duine tairiscint chun ceannaigh,
- (c) dáileadh saor in aisce, agus
- (d) soláthar chun aon cheann de na críocha sin (cibé acu le haghaidh brabúis nó nach ea);

tá le “stampa cánach” an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005;

ciallaíonn “táirge tobac” táirge—

- (a) is féidir a chaitheamh agus arb é atá ann, fiú go páirteach, tobac, cibé acu atá sé géinmhodhnaithe nó nach bhfuil, agus folaíonn sé páipéar toitín, feadán nó scagaire arna mhonarú lena úsáid i gcaitheamh tobac, agus
- (b) a bheartaítear a mhiondíol sa Stát;

tá le “trádmharc” an bhrí chéanna atá leis in Acht na dTrádmharcanna, 1996;

ciallaíonn “ainm athraithigh”, i ndáil le táirge tobac, an t-ainm a úsáidtear chun idirdhealú a dhéanamh idir an táirge tobac sin agus táirgí tobac eile a bhfuil an t-ainm branda céanna orthu.

- (2) (a) Aon tagairt do dhromchla forimeallach forphacáistithe, is tagairt í do dhromchla forimeallach iomlán an phacáistithe sin, lena n-áirítear, i gcás gur paicéad toitíní an forphacáistiú, dromchla forimeallach claibín smeacha.

(b) I gcás go bhfuil liopa ar fhorphacáistiú ag a bhfuil dromchla nach bhfuil infheicthe ach amháin nuair a osclaítear an pacáistiú, is dromchla laistigh de chuid an phacáistithe an dromchla sin.

(3) Faoi réir *fho-alt (1)*, maidir le focal nó le habairt a úsáidtear san Acht seo agus a úsáidtear freisin sa Treoir, tá an bhrí chéanna leis nó léi san Acht seo atá leis nó léi sa Treoir, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

### **Orduithe agus rialacháin**

3. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú nó chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Déanfar gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1(3)*) nó rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

### **Caiteachais**

4. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

### **Srian leis an Acht**

5. (1) Ní oibreoidh aon ní san Acht seo—

(a) chun toirmeasc a chur ar chlárú trádmhairc faoi Acht na dTrádmharcanna, 1996, ná

(b) chun bheith ina fhoras chun clárú trádmhairc faoin Acht sin a chúlghairm.

(2) Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun difear a dhéanamh don dlí i ndáil le stampaí cánach.

### **Forálacha idirthréimhseacha**

6. (1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le táirgí tobac arna monarú nó arna scaoileadh le haghaidh cúrsaíochta roimh an 20 Bealtaine 2016 a dhíol roimh an 20 Bealtaine 2017, ar choinníoll go mbeidh na táirgí tobac sin, ar dháta a ndíolta, de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Tobac a Mhonarú, a Thíolacadh agus a Dhíol), 2003 (I.R. Uimh. 425 de 2003) agus na Rialachán Sláinte Poiblí (Tobac) (Rabhaidh Ghinearálta agus Chomhcheangailte), 2011 (I.R. Uimh. 656 de 2011).

- (2) Chun críocha an ailt seo, leanfaidh na Rialacháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* d'fheidhm a bheith acu go dtí an 20 Bealtaine 2017 d'ainneoin aon chúlghairm ar na Rialacháin sin le haon achtachán iardain.

## CUID 2

### PACÁISTIÚ MIONDÍOLA AGUS TÍOLACADH TÁIRGÍ TOBAC

#### **Pacáistiú miondíola toitíní**

7. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le paicéad toitíní—
- (a) i ndáil lena dhromchla forimeallach, beidh dath forordaithe agus bailchríoch neamhlonrach air;
  - (b) i ndáil lena dhromchla laistigh, beidh dath forordaithe air;
  - (c) ní bheidh marc nó trádmharc air seachas de réir *fho-alt (3)* agus (4);
  - (d) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile ar a dhromchla forimeallach;
  - (e) ní bheidh greamachán ann atá daite nó neamhthrédhearcach;
  - (f) ní bheidh ann aon mhíreanna arna gcur isteach nó míreanna greamaithe seachas mar a fhoráiltear le dlí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *míreanna (a)* agus (c) *d'fho-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) rabhaidh shláinte;
  - (b) barrachód nó marc aitheantais eile den tsamhail sin atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (5)*;
  - (c) cibé míreanna eile a fhoráiltear le dlí.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicéad toitíní:
- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta, agus
  - (b) ainm athraithigh le haghaidh na dtoitíní lena mbaineann.
- (4) Beidh ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* clóite de réir rialacháin faoi *fho-alt (10)* agus féadfaidh sé a bheith clóite—
- (a) uair amháin ar dhromchla forimeallach tosaigh an phaicéid toitíní,
  - (b) uair amháin ar dhromchla forimeallach uachtarach an phaicéid toitíní, agus
  - (c) uair amháin ar dhromchla forimeallach íochtarach an phaicéid toitíní,



ar choinníoll nach gceilfidh an t-ainm rabhaidh shláinte ar an bpaicéad toitíní nó nach gcuirfidh sé isteach ar rabhaidh shláinte den sórt sin.

- (5) Féadfaidh barrachód nó marc aitheantais eile den tsamhail sin a bheith clóite uair amháin ar phaicéad toitíní i cibé foirm agus ar cibé modh a fhorordóidh an tAire, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus suí an bharrachóid nó an mhairc sin, ar choinníoll nach dtabharfaidh an barrachód nó an marc aon fhaisnéis don tomhaltóir (lena n-áirítear aon fhaisnéis a thugtar trí chumarsáid leictreonach).
- (6) Maidir le paicéad toitíní—
  - (a) beidh sé ciúbóideach ina chrot agus féadfaidh ciumhaiseanna an chiúbóidigh a bheith cruinn nó fiarfhaobhrach;
  - (b) beidh sé déanta as cartán nó ábhar bog;
  - (c) ní bheidh béal ann is féidir a athdhúnadh nó a athoscailt tar éis é a oscailt den chéad uair seachas—
    - (i) claibín smeacha ar choinníoll go mbeidh an claibín insithe ar chúl an phaicéid, nó
    - (ii) claibín insithe bosca formna.
- (7) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(5)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le haon chineál eile forphacáistithe toitíní.
- (8) Aon fhillteán a chlúdaíonn paicéad toitíní nó aon chineál eile forphacáistithe toitíní—
  - (a) beidh sé trédhearcach;
  - (b) ní bheidh sé daite;
  - (c) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile air;
  - (d) ní bheidh trádmharc nó marc eile air seachas sracstíall atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (9)*;
  - (e) ní bheidh aon mhír ghreamaithe air, seachas mar a fhoráiltear le dlí.
- (9) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh sracstíall a bheith clóite ar fhilleán faoi *fho-alt (8)(d)* a fhorordú, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus suí sracstéille ar an bhfillteán.
- (10) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a bheith clóite ar phaicéad toitíní nó aon chineál eile forphacáistithe toitíní a fhorordú, lena n-áirítear dath, cineál clófhoirne, clómhéid, suí agus dealramh ainm den sórt sin.
- (11) Le linn don Aire nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(b)* nó i *bhfo-alt (10)* a fhorordú, beidh aird aige nó aici ar an méid seo a leanas—
  - (a) an gá atá ann mealltacht toitíní a laghdú,

- (b) an gá atá ann éifeachtacht rabhadh sláinte ar phacáistiú miondíola toitíní a mhéadú, agus
  - (c) an gá atá ann laghdú a dhéanamh ar an gcumas atá ag pacáistiú miondíola toitíní tomhaltóirí a chur ar míthreoir faoi na héifeachtaí dochracha a ghabhann le tobac a chaitheamh.
- (12) Tá feidhm ag an alt seo maidir le pacáistiú miondíola toitíní a mbeartaítear iad a mhiondíol sa Stát.
- (13) Tá feidhm ag *fo-alt (6)* maidir le pacáistiú miondíola toitíní a mbeartaítear iad a chur ar an margadh.

### **Dealramh toitíní**

8. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh toitín de réir na gceanglas seo a leanas:

- (a) faoi réir *mhír (b)(ii)*, beidh dath bán ar an bpáipéar a chlúdaíonn an toitín;
  - (b) i gcás scagbharr a bheith ar an toitín—
    - (i) beidh dath bán ar an scagbharr, agus
    - (ii) féadfaidh dath bán a bheith ar an gcuid den pháipéar toitín a chlúdaíonn an scagbharr nó féadfaidh barr coirc bréige a bheith uirthi.
- (2) Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith clóite, de réir rialacháin faoi *fho-alt (3)*, ar thoitín:
- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta; agus
  - (b) ainm athraithe le haghaidh na dtoitíní lena mbaineann.
- (3) Féadfaidh an tAire an fhoirm ina bhféadfaidh, agus an modh ar a bhféadfaidh, ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a bheith clóite ar thoitín a fhorordú, lena n-áirítear dath, cineál clófhoirne, clómhéid, suí agus dealramh ainm den sórt sin, agus le linn don Aire déanamh amhlaidh, beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas—
- (a) an gá atá ann a chinntiú nach gcruthófar tuiscint earráideach i ndáil le saintréithe, éifeachtaí sláinte, guaiseacha nó astaíochtaí toitíní, agus
  - (b) an gá atá ann laghdú a dhéanamh ar an gcumas atá ag toitíní tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ndáil leis na héifeachtaí dochracha a ghabhann le tobac a chaitheamh.
- (4) San alt seo, ciallaíonn “barr coirc bréige”, i ndáil le toitín, an chuid den pháipéar a chlúdaíonn scagbharr an toitín agus atá clóite chun go bhfuil sí cosúil le corc.
- (5) Is cion é ag duine toitíní nach bhfuil de réir cheanglais an ailt seo a mhonarú, a allmhairiú nó a dhíol.
- (6) Tá feidhm ag an alt seo maidir le toitíní a mbeartaítear iad a mhiondíol sa Stát.

### **Pacáistiú miondíola tobac lena rolladh**

9. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le paicéad aonaid tobac lena rolladh—

- (a) i ndáil lena dhromchla forimeallach, beidh dath forordaithe agus bailchríoch neamhlonrach air;
  - (b) i ndáil lena dhromchla laistigh, beidh dath forordaithe air;
  - (c) ní bheidh marc nó trádmharc air seachas de réir *fho-ailt (3)* agus *(4)*;
  - (d) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile air;
  - (e) ní bheidh greamachán ann atá daite nó neamhthrédhearcach;
  - (f) ní bheidh ann aon mhír arna cur isteach nó mír ghreamaithe seachas mar a fhoráiltear le dlí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *míreanna (a)* agus *(c) d'fho-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) rabhaidh shláinte;
  - (b) barrachód nó marc aitheantais eile den tsamhail sin atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (5)*;
  - (c) cibé míreanna eile a fhoráiltear le dlí.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicéad aonaid tobac lena rolladh:
- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta, agus
  - (b) ainm athraithigh le haghaidh an tobac lena rolladh lena mbaineann.
- (4) Beidh ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* clóite de réir rialacháin faoi *fho-alt (10)* agus féadfaidh sé a bheith clóite—
- (a) i gcás go bhfuil an paicéad ciúbóideach ina chrot—
    - (i) uair amháin ar dhromchla forimeallach tosaigh an phaicéid,
    - (ii) uair amháin ar dhromchla forimeallach uachtarach paicéid chiúbóidigh, agus
    - (iii) uair amháin ar dhromchla forimeallach íochtarach paicéid chiúbóidigh, nó
  - (b) i gcás crot eile a bheith ar an bpaicéad seachas crot ciúbóideach, dhá uair ar dhromchla forimeallach an phaicéid ach uair amháin ar a mhéad ar aon dromchla faoi leith,

ar choinníoll nach gceilfidh an t-ainm rabhaidh shláinte ar an bpaicéad nó nach gcuirfidh sé isteach ar rabhaidh shláinte den sórt sin.

- (5) Féadfaidh barrachód nó marc aitheantais eile den tsamhail sin a bheith clóite uair amháin ar phaicéad aonaid tobac lena rolladh i cibé foirm agus ar cibé modh a fhorordóidh an tAire, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus súí an bharrachóid, ar choinníoll nach dtabharfaidh an barrachód nó an marc aon fhaisnéis don tomhaltóir (lena n-áirítear aon fhaisnéis a thugtar trí chumarsáid leictreonach).

- (6) Maidir le paicéad aonaid tobac lena rolladh—
- (a) beidh sé ciúbóideach ina chrot agus féadfaidh ciumhaiseanna an chiúbóidigh a bheith cruinn nó fiarfhaobhrach,
  - (b) beidh sé sorcóireach ina chrot, nó
  - (c) beidh sé i bhfoirm púitse.
- (7) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(5)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le haon chineál eile forphacáistithe tobac lena rolladh.
- (8) Aon fhilleán a chlúdaíonn paicéad aonaid nó aon chineál eile forphacáistithe tobac lena rolladh—
- (a) beidh sé trédhearcach;
  - (b) ní bheidh sé daite;
  - (c) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile air;
  - (d) ní bheidh marc nó trádmharc air seachas sracstíall atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (9)*;
  - (e) ní bheidh aon mhír ghreamaithe air, seachas mar a fhoráiltear le dlí.
- (9) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh sracstíall a bheith clóite ar fhilleán faoi *fho-alt (8)(d)* a fhorordú, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus suí sracstéille ar an bhfillteán.
- (10) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a bheith clóite ar phaicéad aonaid tobac lena rolladh a fhorordú, lena n-áirítear dath, cineál clófhoirne, clómhéid, suí agus dealramh ainm den sórt sin.
- (11) Le linn don Aire nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(b)* nó i *bhfo-alt (10)* a fhorordú, beidh aird aige nó aici ar an méid seo a leanas—
- (a) an gá atá ann mealltacht tobac lena rolladh a laghdú,
  - (b) an gá atá ann éifeachtacht rabhadh sláinte ar phacáistiú miondíola tobac lena rolladh a mhéadú, agus
  - (c) an gá atá ann laghdú a dhéanamh ar an gcumas atá ag pacáistiú miondíola táirgí tobac tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ndáil leis na héifeachtaí dochracha a ghabhann le tobac a chaitheamh.
- (12) Tá feidhm ag an alt seo maidir le pacáistiú miondíola tobac lena rolladh a mbeartaítear é a mhiondíol sa Stát.
- (13) Tá feidhm ag *fo-alt (6)* maidir le pacáistiú miondíola tobac lena rolladh a mbeartaítear é a chur ar an margadh.

### **Pacáistiú miondíola táirgí tobac eile**

10. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le paicéad aonaid táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh—

- (a) i ndáil lena dhromchla forimeallach, beidh dath forordaithe agus bailchríoch neamhlonrach air;
- (b) i ndáil lena dhromchla laistigh, beidh dath forordaithe air;
- (c) ní bheidh marc nó trádmharc air seachas de réir *fho-ailt (3)* agus (4);
- (d) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile air;
- (e) ní bheidh greamachán ann atá daite nó neamhthrédhearcach;
- (f) ní bheidh ann aon mhíreanna arna gcur isteach nó míreanna greamaithe seachas mar a fhoráiltear le dlí.

(2) Ní bheidh feidhm ag *míreanna (a)* agus (c) *d'fho-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) rabhaidh shláinte;
- (b) barrachód nó marc aitheantais eile den tsamhail sin atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (5)*;
- (c) cibé míreanna eile a fhoráiltear le dlí.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith clóite ar phaicéad aonaid táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh:

- (a) ainm branda nó ainm gnó nó ainm cuideachta, agus
- (b) ainm athraithigh le haghaidh an táirge tobac lena mbaineann.

(4) Beidh ainm dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* clóite de réir rialacháin faoi *fho-alt (9)* agus féadfaidh sé a bheith clóite—

- (a) i gcás go bhfuil an paicéad ciúbóideach ina chrot—
  - (i) uair amháin ar dhromchla forimeallach tosaigh an phaicéid,
  - (ii) uair amháin ar dhromchla forimeallach uachtarach paicéid chiúbóidigh, agus
  - (iii) uair amháin ar dhromchla forimeallach íochtarach paicéid chiúbóidigh,nó
- (b) i gcás crot seachas crot ciúbóideach a bheith ar an bpaicéad, dhá uair ar dhromchla forimeallach an phaicéid ach uair amháin ar a mhéad ar aon dromchla faoi leith,

ar choinníoll nach gceilfidh an t-ainm rabhaidh shláinte ar an bpaicéad nó nach gcuirfidh sé isteach ar rabhaidh shláinte den sórt sin.

- (5) Féadfaidh barrachód nó marc aitheantais den tsamhail sin a bheith clóite uair amháin ar phaicéad aonaid táirgí tobac seachas toitíní nó tobac lena rolladh i cibé foirm agus ar cibé modh a fhorordóidh an tAire, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus suí an bharrachóid, ar choinníoll nach dtabharfaidh an barrachód nó an marc aon fhaisnéis don tomhaltóir (lena n-áirítear aon fhaisnéis a thugtar trí chumarsáid leictreonach).
- (6) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(5)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le haon chineál eile forphacáistithe táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh.
- (7) Aon fhillteán a chlúdaíonn paicéad aonaid nó aon chineál eile forphacáistithe táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh—
- (a) beidh sé trédhearcach;
- (b) ní bheidh sé daite;
- (c) ní bheidh aon rocáin mhaisiúla, cabhradh nó maisiúcháin eile air;
- (d) ní bheidh marc nó trádmharc air seachas sracstíall atá de réir rialacháin faoi *fho-alt (8)*;
- (e) ní bheidh aon mhír ghreamaithe air, seachas mar a fhorordaítear le dlí.
- (8) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh sracstíall a bheith clóite ar fhillteán faoi *fho-alt (7)(d)* a fhorordú, lena n-áirítear dath, toisí, sonraíochtaí agus suí sracstéille ar an bhfillteán.
- (9) Féadfaidh an tAire an modh ar a bhféadfaidh ainm faoi *fho-alt (3)* a bheith clóite ar phaicéad aonaid nó ar aon chineál eile forphacáistithe táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh a fhorordú, lena n-áirítear dath, cineál clófhoirne, clómhéid, suí agus dealramh ainm den sórt sin.
- (10) Le linn don Aire nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(b)* nó i *bhfo-alt (9)* a fhorordú, beidh aird aige nó aici ar an méid seo a leanas—
- (a) an gá atá ann mealltacht táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh a laghdú,
- (b) an gá atá ann éifeachtacht rabhadh sláinte ar phacáistiú miondíola táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh a mhéadú,
- (c) an gá atá ann laghdú a dhéanamh ar an gcumas atá ag pacáistiú miondíola táirgí tobac seachas toitíní agus tobac lena rolladh tomhaltóirí a chur ar míthreoir i ndáil leis na héifeachtaí dochracha a ghabhann le tobac a chaitheamh.

### **Líneálacha táirgí tobac**

- 11.** I gcás líneáil a bheith i bpaicéad aonaid toitíní, tobac lena rolladh nó aon táirge tobac eile, beidh ar an líneáil cibé dath a fhorordófar agus beidh sí déanta as cibé ábhar a fhorordófar.

### **Torthaí tarra, nicítín agus aonocsaíde carbóin**

12. (1) Ní bheidh an cion tarra, nicítín agus aonocsaíde carbóin atá i dtáirge tobac clóite ar phaicead aonaid nó aon chineál eile pacáistithe miondíola táirge tobac.
- (2) San alt seo, folaíonn “táirge tobac” táirge tobac a mbeartaítear é a chur ar an margadh.

### **Tíolacadh táirgí tobac**

13. (1) Maidir le táirge tobac, aon phacáistiú miondíola táirge tobac, lena n-áirítear aon ainm branda, ainm gnó nó ainm cuideachta a bheidh clóite ar an táirge sin, nó aon bharrachód nó marc aitheantais den tsamhail sin a bheidh clóite ar fhorphacáistiú táirge tobac—
- (a) ní dhéanfar leis táirge tobac a chur chun cinn nó caitheamh táirge tobac a spreagadh trí fhaisnéis nó ráitis a bheith ann a chruthóidh tuiscint earráideach i ndáil le saintréithe, éifeachtaí sláinte, guaiseacha nó astaíochtaí an táirge tobac,
- (b) ní bheidh faisnéis nó ráitis ann a thabharfaidh le fios gur lú an dochar a dhéanann táirge tobac ná táirgí tobac eile nó go laghdaítear leis an éifeacht atá le cuid de chomhábhair dhochracha deataigh,
- (c) ní bheidh faisnéis nó ráitis ann a thabharfaidh le fios go bhfuil airíonna beochana, fuinnimh, leighis, athnuachana, nádúrtha nó orgánacha ag gabháil le táirge tobac, nó go bhfuil tairbhí ó thaobh nós maireachtála de ag gabháil leis,
- (d) ní dhéanfar aon tagairt ann do bhlas, boladh, blaistiú an táirge tobac ná do bhreiseáin eile atá sa táirge ná do na nithe sin gan a bheith ann,
- (e) ní bheidh aon ghné nó sainghné ag gabháil leis atá cosúil le bia nó le táirge cosmaideach,
- (f) ní thabharfar le fios leis go bhfuil inbhithdhíghrádaitheacht fheabhsaithe nó buntáistí comhshaoil eile ag gabháil leis an táirge tobac.
- (2) Is cion é ag duine táirgí tobac a bhfuil sárú ar an alt seo ann i ndáil leo a mhonarú, a allmhairiú nó a dhíol.
- (3) San alt seo, folaíonn “táirge tobac” táirge tobac a mbeartaítear é a chur ar an margadh.

### **Sainghnéithe de phacáistiú miondíola táirgí tobac**

14. Maidir le haon phacáistiú miondíola táirge tobac nó aon bharrachód nó marc aitheantais den tsamhail sin a bheidh clóite ar fhorphacáistiú táirge tobac—
- (a) ní bheidh aon éifeachtaí fuaime ná bolaithe ann a bhfuil d'éifeacht leo an táirge tobac a chur chun cinn, ná
- (b) ní bheidh aon sainghnéithe ag gabháil leis atá ceaptha chun an pacáistiú miondíola a athrú tar éis an táirge a mhiondíol, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- (i) dúigh a ghníomhachtaítear le teas;
- (ii) dúigh atá ceaptha chun teacht chun bheith infheicthe de réir a chéile le himeacht ama;
- (iii) dúigh a bhfuil cuma fhluaraiseach orthu faoi sholas áirithe;
- (iv) painéil atá ceaptha chun a scríobtha nó a gcuimilte chun íomhá a nochtadh;
- (v) cluaisíní inbhainte;
- (vi) painéil is infhillte amach.

### CUID 3

#### CIONTA, IMEACHTAÍ AGUS PIONÓIS

##### **Cionta i ndáil le pacáistiú miondíola**

- 15.** (1) Is cion é ag duine táirgí tobac a phacáistiú le pacáistiú miondíola a bhfuil sárú ar *alt 7, 9, 10, 11, 12, 13* nó *14* ann i ndáil leis.
- (2) Is cion é ag duine pacáistiú miondíola táirgí tobac a bhfuil sárú ar *alt 7, 9, 10, 11, 12, 13* nó *14* ann i ndáil leis a mhonarú.
- (3) Is cion é ag duine táirgí tobac a sáraíonn a bpacáistiú miondíola *alt 7, 9, 10, 11, 12, 13* nó *14* a allmhairiú nó a dhíol.
- (4) In imeachtaí i leith cion faoin Acht seo, is cosaint é do dhuine a dtionscnófar imeachtaí den sórt sin ina choinne nó ina coinne a shuíomh go ndearna sé nó sí gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go gcomhlíonfaí cibé forálacha de chuid an Achta seo a líomhnófar gur sáraíodh iad.

##### **Pionóis**

- 16.** (1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo—
- (a) dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—
    - (i) i gcás an chéad chiona, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
    - (ii) i gcás aon chion iardain, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,
- nó
- (b) dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 8 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (2) Mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, déanfaidh an chúirt, i gcás go gciontófar duine i gcion, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh lucht an ionchúisimh i ndáil le hionchúiseamh an chiona a íoc le lucht an ionchúisimh.



### **Cionta ag comhlachtaí corpraithe**

17. (1) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú duine, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh duine, ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, mar aon leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

### **Imeachtaí**

18. Féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

### **Fianaise in imeachtaí i leith ciona**

19. (1) In imeachtaí i leith cion faoin Acht seo, beidh táirge tobac, nó pacáistiú táirge tobac, a airbheartaíonn go bhfuil ainm allmhaireoir an táirge sin air, ina fhianaise gur allmhairigh an duine lena mbaineann an táirge tobac mura gcruthófar a mhalairt.
- (2) In imeachtaí i leith cion faoin Acht seo, beidh táirge tobac, nó pacáistiú miondíola táirge tobac, a airbheartaíonn go bhfuil ainm mhonaróir an táirge sin air ina fhianaise—
- (a) gur mhonaraigh an duine lena mbaineann an táirge tobac,
- (b) gur mhonaraigh an duine lena mbaineann pacáistiú miondíola an táirge tobac, nó
- (c) gur phacáistigh an duine lena mbaineann an táirge tobac le pacáistiú miondíola,
- de réir mar a bheidh, mura gcruthófar a mhalairt.
- (3) In imeachtaí i leith cion faoin Acht seo, beidh táirge tobac, nó pacáistiú miondíola táirge tobac, a bhfuil trádmharc air ina fhianaise gur mhonaraigh an duine a raibh an trádmharc sin ar úinéireacht aige nó aici an tráth a líomhnófar a rinneadh an cion an táirge nó an pacáistiú miondíola, de réir mar a bheidh, mura gcruthófar a mhalairt.

## **CUID 4**

### **ILGHNÉITHEACH**

### **Leasú ar alt 2 d'Acht 2002**

20. Leasaítear alt 2(1) d'Acht 2002 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2015’ an tAcht Sláinte Poiblí (Pacáistiú Caighdeánaithe Tobac), 2015;”.

**Leasú ar alt 5A d’Acht 2002**

**21.** Leasaítear alt 5A (a cuireadh isteach le halt 3 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2009) d’Acht 2002—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó i gcion faoi *Acht 2015*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht seo”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “nó i gcion faoi *Acht 2015*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht seo”, agus
- (c) i bhfo-alt (3), trí “nó i gcion faoi *Acht 2015*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht seo”.

**Leasú ar alt 37 d’Acht 2002**

**22.** Leasaítear alt 37 d’Acht 2002, i bhfo-alt (9), trí “nó faoi *Acht 2015*” a chur isteach i ndiaidh “i gcion faoin Acht seo”.

**Leasú ar alt 48 d’Acht 2002**

**23.** Leasaítear Acht 2002 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 48:

“48. (1) Ceapfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé duine amháin nó níos mó, de réir mar a mheasfaidh sí is cuí, chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe nó ina n-oifigigh údaraithe chun críocha an Achta seo agus *Acht 2015*.

(2) Maidir le duine a cheapfar chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe faoin alt seo, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar é nó í a cheapadh, barántas a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt dó nó di agus, le linn dó nó di cumhacht a thugtar leis an Acht seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine a ndéanann an feidhmiú sin difear dó nó di é, an barántas sin a thabhairt ar aird don duine sin lena iniúchadh.

(3) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo mar oifigeach údaraithe—

- (a) má dhéanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an ceapachán a chúlghairm,
- (b) más i gcomhair tréimhse shonraithe an ceapachán, ar dhul in éag don tréimhse sin, nó
- (c) i gcás duine is comhalta foirne de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, má scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta foirne nó ina comhalta foirne.

(4) Chun críocha an Achta seo agus *Acht 2015*, féadfaidh oifigeach údaraithe—

- (a) faoi réir fho-alt (6), dul isteach (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá), gach tráth réasúnach, in aon áitreabh a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint ina leith—

- (i) go seoltar nó gur seoladh ann aon trádáil, gnó nó gníomhaíocht i dtaca le monarú, próiseáil, diúscairt, onnmhairiú, allmhairiú, dáileadh, díol, stóráil, pacáistiú, lipéadú nó pacáistiú miondíola táirge tobac, nó
  - (ii) go gcoimeádtar ann leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamhinléite) a bhaineann leis an trádáil sin, leis an ngnó sin nó leis an ngníomhaíocht sin,
- (b) dul isteach gach tráth réasúnach (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) in aon áit shonraithe,
- (c) san áitreabh sin, iniúchadh a dhéanamh ar aon lipéid, pacáistiú miondíola táirgí tobac, leabhair, taifid, doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamhinléite), nó sleachta as an gcéanna, a gheobhaidh sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta agus cóipeanna den chéanna a thógáil,
- (d) aon lipéid, pacáistiú miondíola, leabhair, taifid nó doiciméid den sórt sin a thabhairt chun siúil ón áitreabh sin agus iad a choinneáil ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí le réasún is gá chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*,
- (e) cibé scrúduithe, tástálacha, iniúchtaí agus seiceálacha a dhéanamh, nó a chur faoi deara iad a dhéanamh—
- (i) ar an áitreabh,
  - (ii) ar aon táirge tobac, pacáistiú miondíola táirgí tobac nó aon earra nó substaint a úsáidtear i monarú, próiseáil, lipéadú, pacáistiú miondíola nó stóráil táirgí tobac, san áitreabh, nó
  - (iii) ar aon trealamh, innealra nó gléasra san áitreabh, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí le réasún is gá chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*,
- (f) a cheangal ar aon duine san áitreabh nó ar úinéir an áitribh nó ar an duine atá i bhfeighil an áitribh agus ar aon duine atá fostaithe ann cibé cúnaimh agus faisnéis a thabhairt dó nó di agus cibé lipéid, pacáistiú miondíola táirgí tobac, táirgí tobac, leabhair, doiciméid nó taifid eile a thabhairt ar aird dó nó di (agus i gcás doiciméid nó taifid a stóráiltear i bhfoirm neamhinléite, atáirgeadh inléite den chéanna a thabhairt ar aird dó nó di) atá faoi chumhacht an duine sin nó ar fáil dó nó di, agus a theastóidh ón oifigeach údaraithe le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*,
- (g) samplaí a thógáil d'aon táirge tobac, de phacáistiú miondíola táirgí tobac nó d'aon earra nó substaint a úsáidtear i monarú, próiseáil, lipéadú, pacáistiú miondíola nó stóráil táirgí tobac a gheofar san áitreabh chun críocha anailíse agus scrúdaithe,
- (h) a ordú, maidir le cibé táirgí tobac nó pacáistiú miondíola táirgí tobac a gheofar san áitreabh agus a chreidfidh sé nó sí, ar fhorais réasúnacha, a sháraíonn foráil den Acht seo nó *d'Acht 2015*, nach ndéanfar iad nó é a dhíol ná a dháileadh ná a aistriú ón áitreabh, gan toiliú a fháil uaidh nó uaithi,

- (i) aon áitreabh nó aon chuid d'aon áitreabh a dhaingniú lena iniúchadh nó lena hiniúchadh tráth is faide anonn, is áitreabh nó cuid d'áitreabh ina bhfaightear táirge tobac, pacáistiú miondíola táirgí tobac, substaint nó earra a úsáidtear i monarú, próiseáil, lipéadú, pacáistiú miondíola nó stóráil táirgí tobac, nó ina gcoimeádtar an céanna de ghnáth, nó ina bhfaightear taifid, lipéid, pacáistiú miondíola táirgí tobac, táirgí tobac, leabhair nó doiciméid, nó ina gcoimeádtar an céanna de ghnáth, ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*, nó
- (j) seilbh a ghlacadh ar aon táirge tobac, pacáistiú miondíola táirgí tobac nó aon substaint nó earra a úsáidtear i monarú, próiseáil, lipéadú, pacáistiú miondíola nó stóráil táirgí tobac a fhaightear san áitreabh agus an céanna a thabhairt chun siúil ón áitreabh chun scrúdú agus anailís a dhéanamh ar an gcéanna, agus iad a choinneáil ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí is gá le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*.
- (5) Le linn d'oifigeach údaraithe feidhm faoin Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh cibé líon oifigeach údaraithe, comhaltaí den Gharda Síochána nó oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim is cuí leis nó léi a bheith ina theannta nó ina teannta, faoi réir aon bharántas faoi fho-alt (7).
- (6) Ní rachaidh oifigeach údaraithe isteach i dteaghais, seachas—
- (a) le toiliú an áititheora, nó
- (b) de réir barántas arna eisiúint faoi fho-alt (7).
- (7) Ar iarratas ó oifigeach údaraithe, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint—
- (a) go bhfuil táirge tobac, pacáistiú miondíola táirgí tobac nó aon substaint nó earra a úsáidtear i monarú, próiseáil, lipéadú, pacáistiú miondíola nó stóráil táirge tobac le fáil in aon teaghais nó áitreabh, nó go bhfuil nó go raibh an céanna á chur faoi aon phróiseas nó á stóráil in aon teaghais nó áitreabh,
- (b) go bhfuil lipéid, leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamhinléite) dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a)(ii) á stóráil nó á gcoimeád in aon teaghais nó áitreabh, nó
- (c) go bhfuil teaghais á háitiú go hiomlán nó go páirteach ag gnóthas a ghabhann d'aon trádáil, gnó nó gníomhaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(a)(i),
- barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe ainmnithe a mbeidh cibé oifigigh údaraithe eile, comhaltaí den Gharda Síochána nó oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna, laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, dul isteach sa teaghais nó san áitreabh (de réir mar a bheidh) agus feidhmeanna oifigigh údaraithe faoi mhíreanna (c), (d), (e), (f), (g), (h), (i) agus (j) d'fho-alt (4) a chomhlíonadh.
- (8) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar oifigeach údaraithe, ar chomhalta den Gharda Síochána nó ar oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim i gcúrsa cumhacht a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó le barántas faoi fho-alt (7) a fheidhmiú nó

a chuirfidh cosc ar an oifigeach nó ar an gcomhalta, de réir mar a bheidh, an chumhacht sin a fheidhmiú, nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh iarraidh nó ceanglas ón oifigeach nó ón gcomhalta de bhun an ailt seo a chomhlíonadh nó ceist a chuirfidh an t-oifigeach nó an comhalta de bhun an ailt seo a fhreagairt, nó a thabharfaidh faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha don oifigeach nó don comhalta i gcomhlíonadh airbheartaithe iarrata nó ceanglais den sórt sin, nó mar fhreagra ar aon cheist den sórt sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(9) I gcás go gcreidfidh oifigeach údaraithe, ar fhorais réasúnacha, go ndearna duine cion faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a thabhairt dó nó di agus, más dóigh leis an oifigeach údaraithe gur gá é, fianaise chomhthacaíoch ar a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt ar aird.

(10) Más rud é go ndearna oifigeach údaraithe—

(a) a ordú nach ndéanfaí táirgí tobac nó pacáistiú miondíola táirgí tobac a dhíol, a dháileadh nó a aistriú, de bhun fho-alt (4)(h), nó

(b) seilbh a ghlacadh ar aon táirge tobac nó pacáistiú miondíola táirgí tobac agus an céanna a thabhairt chun siúil de bhun fho-alt (4)(j),

féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú go ndéanfar aon táirge tobac nó pacáistiú miondíola den sórt sin a dhíothú, agus féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche ordú den sórt sin a dheonú más deimhin leis nó léi go sáraíonn an táirge sin nó an pacáistiú miondíola sin foráil den Acht seo nó *d'Acht 2015*.

(11) Ní bheidh ráiteas nó admháil a dhéanfaidh duine de bhun ceanglas faoi fho-alt (4)(f) inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine sin i leith ciona (seachas cion faoi fho-alt (8)).

(12) Aon duine a thabharfaidh le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(13) Beidh na costais (lena n-áirítear na costais choimhdeacha) a bhaineann le haon ghlacadh seilbhe, coinneáil nó díothú a dhéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi fho-alt (4) agus (10) inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó dhuine a chiontófar i gcion faoin Acht seo nó faoi *Acht 2015*.

(14) San alt seo—

ciallaíonn “áitreabh” aon áit, long nó soitheach eile, aerárthach, vaigín iarnróid nó feithicil eile, agus folaíonn sé coimeádán a úsáidtear chun táirgí tobac nó pacáistiú miondíola táirgí tobac nó aon earra nó substaint a úsáidtear i monarú, próiseáil nó stóráil táirgí tobac nó pacáistithe miondíola táirgí tobac a iompar;

foláíonn “taifead”, i dteannta taifead i scríbhinn—

- (a) diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina gcorpraítear faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí ionas gur féidir (le cúnamh nó gan cúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste,
- (b) scannán, téip nó feiste eile ina gcorpraítear amharcíomhánna ionas gur féidir (le cúnamh nó gan cúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh in amharcfhoirm, agus
- (c) grianghraf,

agus folaíonn aon tagairt do chóip de thaifead—

- (i) i gcás taifead lena mbaineann mír (a), athscríbhinn de na fuaimeanna nó na comharthaí atá corpraithe ann,
- (ii) i gcás taifead lena mbaineann mír (b), fosatáirgeadh ar na híomhánna atá corpraithe ann, agus
- (iii) i gcás taifead lena mbaineann míreanna (a) agus (b), athscríbhinn den sórt sin mar aon le fosatáirgeadh den sórt sin;

tá le “pacáistiú miondíola” an bhrí chéanna atá leis in *alt 2 d’Acht 2015*;

foláíonn “táirge tobac” táirge tobac de réir bhrí *alt 2 d’Acht 2015*.”.